


COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ na hÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2015



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ na hÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH 2015	2	CUNTAIS INIÚCHTA	19
Réamhrá	3	Cuntas Brabúis agus Caillteanais	20
Bord, coistí agus fochoistí	4	Ráiteas ar Athruithe i nGnáthscaireanna	21
<i>Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán</i>	5	Clár Comhardaithe	22
<i>Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana</i>	5	Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	23
Foireann	5		
Seirbhísí	5	NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	24
<i>'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ</i>	6	1. Faisnéis Ghinearálta	24
Tionscadal Leabhar Suirbhé agus Dáilte	6	Ráiteas ar Chomhlíonadh	24
Foilseacháin	7	2. Beartais Chuntasaíochta	24
<i>Calendar of State Papers, Ireland, 1547–1553</i>	7	2.1. Bunús an ullmhúcháin	24
<i>The correspondence of James Ussher, 1600–1656</i>	7	2.2. Ioncam	24
(3 imleabhar)	7	2.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímbheas	24
<i>Analecta Hibernica, uimh. 46</i>	7	2.4. Stoc	24
<i>Early Stuart Irish warrants, 1623–1639:</i>	7	2.5. Pinsin	24
<i>the Falkland and Wentworth administrations</i>	7	2.6. Cánachas	24
Pleanáil do 2016	8	2.7. Deontais rialtais	24
Seoltaí	8	3. Breithiúnais agus príomhfhoinsí de	
Léacht Eoin MacNeill	8	neamhchinnteacht meastacháin	24
Marie-Louise Jennings	9	<i>Gnóthas Leantach</i>	24
Airgeadas	9	<i>Luacháil Stoic</i>	25
An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	9	4. Ioncam	25
Conclúid	9	5. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht	
		agus Gaeltachta	25
EOLAS AR AN gCUIDEACHTA	10	6. Caillteanas don bhliain	25
		7. Fostaithe	25
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	12	8. Sócmhainní inláimhsithe	25
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó		9. Costais phinsin	26
agus forbairt sa todhchaí	13	10. Stoic	26
<i>Príomhghníomhaíochtaí</i>	13	11. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh	
<i>Athbhreithniú Gnó</i>	13	d'aon bhliain amháin	26
<i>Forbairt sa Todhchaí</i>	13	12. Airgead sa bhanc agus ar láimh	27
Torthaí	13	13. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh	
Taighde agus Forbairt	13	d'aon bhliain amháin	27
Staid Cúrsaí	14	14. Ioncam iarchurtha	27
Na Stiúrthóirí agus a gCuid Leasanna	14	15. Cúlchistí Gnáthscaireanna	27
Ranníocaíochtaí Polaitiúla	14	16. Réiteach ar ghluaisreachtaí i gcistí	27
Freagrachtaí na Stiúrthóirí	14	17. Ranníocaíocht Chaipitil	27
Na Leabhair Chuntais	15	18. Idirbhearta páirtithe gaolmhara	28
Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí	15	19. Cúiteamh do phríomhphearsanra bainistíochta	28
Iniúcháirí	15	20. Páirtí rialaithe deiridh	28
		21. Trasdul go dtí FRS 102	28
TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH		<i>Réiteach ar ghnáthscaireanna</i>	28
na nINIÚCHÓIRÍ	16	<i>Réiteach ar bhrabús agus caillteanas don bhliain</i>	28
Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach	17	22. Faomhadh na ráiteas airgeadais	28
Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais	17	AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UM	
Tuairim ar na ráitis airgeadais	17	ÉIFEACHTACHT FUINNIMH 2015	28
Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú		Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015	28
de réir Acht na gCuideachtaí 2014	18	Feidhmíocht fuinnimh	28
Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí heisceacht	18		

Tuarascáil an Chathaoirligh



Réamhrá

Ionchorpraíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bhí bunaithe i 1928 ag WT Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar 24 Eanáir 2006.

Ó bunaíodh é, ba é scaipeadh, caomhnú agus cur chun cinn na bpríomhfhoinse - faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach – príomh-shainchúram an Choimisiúin le haghaidh oidhreacht stair agus cultúrtha na hÉireann. Ina *Phlean Forbartha Straitéiseach, 2012-2016*, athdhaingníonn an Coimisiún gur mian leis comhairle a chur ar fáil don Rialtas a chuirfidh beartas ar an eolas maidir le cúram, caomhnú agus scaipeadh, in Éirinn agus ar fud an domhain, na bpríomhábhar foinse atá riachtanach chun stair na hÉireann a thuiscint agus an stair sin a bhreacadh síos.



Le linn 2015, chuaigh an Coimisiún go hiomlán i dteagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (R/EOG) agus é ag leanúint lena chuid oibre chun struchtúir nua rialachais a chur i bhfeidhm do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Tá an Coimisiún tiomanta go daingean fós, mar fhoilsitheoir de phríomhdhoiciméid agus lámhscríbhinní agus mar chomhairleoir ar chaomhnú oidhreacht doiciméad na hÉireann, go léirítear a chroíthascanna i cibé struchtúir rialachais nua a thagann chun cinn.

Ó thús na bliana 2010, tá seirbhís comhiomlánóra náisiúnta á cur ar fáil i gcás ábhair dhigitigh a thagann ó institiúidí chuimhne hÉireann don tairseach oidhreacht chultúrtha Europeana (www.europeana.eu). Cuireadh ar bun an tseirbhís ar iarratas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus tá sí á hoibriú ag CLÉ le sé bliana anuas. Le linn an ama sin d'éascaigh sí an bhreis de c. 950,000 ábhar digiteacha (fuaime, íomhá, físeán agus téacs) don tairseach Europeana. Leis an mbrú níos mó ar acmhainní CLÉ chun seachadadh ar a phríomh-shainchúram le foinsí lámhscríbhinní a chaomhnú do stair na hÉireann i gcló agus ar líne, shocraigh CLÉ i mí na Samhna ar éirí as mar comhiomlánóir náisiúnta. Mar fhreagra, d'aithin an Roinn obair agus tiomantas CLÉ ó bhí 2010 ann, ag déanamh cur síos air mar an-luachmhar chun Éire a bhunú mar chomhalta rannfócaigh Europeana. Leanfaidh CLÉ ar aghaidh ag tacú le hobair Europeana agus chun comhiomlánú ábhar digiteach i measc institiúidí cultúrtha a chur chun cinn.

Tá ionadaíocht ag CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (www.iar.ie), seirbhís ar líne saor in aisce a chuireann ar chumas cartlann ar fud na hÉireann a chuir síos bhailiúchán a chomhlíonann le ISAD(G) a uaslódáil ar thairseach gréasáin. Is féidir le húsáideoirí na tairsí bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach thar go leor stórtha éagsúla cosúil leis an tseirbhís A2A sa Ríocht Aontaithe.

Leanadh le fás tionchar an IAR agus tar éis do thairseach gréasáin athdheartha agus uasghrádú IAR a bheith seolta go rathúil in 2014, sheol IAR pacáiste acmhainne scoile in 2015 agus an aidhm leis tacú leis an gcúrsa stair scoile dara leibhéil sa tsraith shinsearach ó thuaidh agus ó dheas den teorainn. Is é an Seanadóir David Norris a sheol an pacáiste, dar teideal *The present duty of Irish women*, i mí na Samhna 2015.

Mar gheall ar rannpháirtíocht an Choimisiúin ó 2008 san Oíche Chultúir, bhí an pobal in ann bualadh aghaidh le haghaidh le hobair, comhaltaí agus foilseacháin CLÉ. Ar 18 Meán Fómhair 2015, tugadh an deis do chuirteoirí chuig 45 Cearnóg Mhuirfean gearrchaint léirithe a chluinstin ar obair an Choimisiúin, féachaint ar thaispeántas foilseachán, agus dul i gcomhairle le comhaltaí CLÉ - James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Deirdre McMahon, Mary O'Dowd agus Dáibhí Ó Cróinín - a bhí i láthair chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagrán CLÉ de phríomhfhoinse agus chun comhairle a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de chaomhnú agus coimeád taifead.





Bhain go leor de na cuairteoirí taitneamh as gearrléachtaí ar obair an Choimisiúin leis an Dr Michael Kennedy (ARÉ) agus leis an Ollamh James Kelly (Coláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Idir na léachtaí sin bhí gearrléachtaí leis an Dr Brian Hughes (Ollscoil Exeter) a bhí bunaithe ar an eagrán ar a bhfuil sé ag déanamh eagarthóireachta do CLÉ den chuimhní cinn a d'ullmhaigh Eoin Mac Néill sna 1930í. Bhí Mac Néill ina bhunaitheoir agus ina uachtarán d'Óglaigh na hÉireann, ina aire oideachais sa chéad rialtas Saorstáit, agus ó 1928 ina chathaoirleach ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann nuabhunaithe.

Bhí méadú suntasach i mblíana ar líon na gcuairteoirí ar Oíche Chultúir, mar a bhí an cás in 2014 freisin. Meastar go ndeachaigh os cionn 4,300 duine trí 45 Cearnóg Mhuirfean (áit a roinneann CLÉ le Cartlann Ailtireachta na hÉireann) i sruth leanúnach ó 5pm go dtí 11pm. Bhí sé pléisiúrtha misean agus obair CLÉ a chur in iúl do chuairteoirí a bhí ag gabháil go háirithe lenár dtaispeántas. Bhí an-éileamh athuair i mblíana ar rannóg na bhfoilseachán meánaoiseach agus bhí an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) i láthair chun míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis na doiciméid Paitríocha i bhfacsamhail Leabhar Ard Mhacha agus an seaniarsma agus an tábhacht a bhaineann le Leabhar Uí Máine. Thug mé faoi dear go raibh an-suim i bhfoilseacháin eile CLÉ, amhail *Infanticide in the Irish Crown files at assizes, 1883–1900* agus an t-eagrán trí imleabhair a foilsíodh le déanach de *Correspondence of James Ussher, 1600–1656*. Bhí an-suim freisin i rannóg an ghinealais leathnaithe agus bhí comhaltaí CLÉ Máire Mac Conghail agus Louis Cullen i láthair chun ceisteanna a bhaineann le ginealas agus príomhfhoinsí sóisialta agus eacnamaíochta ar taispeáint a fhreagairt.

Bhí deis ann ar Oíche an Chultúir bileog chomhairle CLÉ ar chaomhnú taifead a chur chun cinn, rud atá dírithe ar na daoine aonair próbháideacha sin a bhfuil suim acu ina dtaifid teaghlaigh a chaomhnú. Bhí deis ann freisin feachtas ar ardú ar Eagraíin Digiteacha CLÉ — ar a ndéantar cur síos breise i rannóg na Seirbhísí thíos (*Digital Editions*, lch 7).

Bord, coistí agus fochoistí

Tagann ballraíocht CLÉ ón bpobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. Ceaptar daoine ar feadh téarma cúig bliana de ghnáth; faoina Airteagail Chomhlachais, is é 21 comhalta líon iomlán na mball-stiúirthóirí. Ag tús 2015, bhí 19 ball-stiúirthóir ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ar 24 Feabhra, ceapadh an tUasal John McDonough, Stiúirthóir Chartlainn Náisiúnta na hÉireann (CNÉ) don Choimisiún mar chomhalta ex-officio. Ar 30 Meán Fómhair, ceapadh an stiúirthóir nua de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Dr Sandra Collins, chuig an gCoimisiún mar chomhalta ex-officio. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Catherine Fahy as a tiomantas i ndáil le hobair an Choimisiúin le linn tréimhse a ceapacháin. Ag deireadh 2015, bhí 20 comhalta ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Ar 31 Nollaig 2015, bhí bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta de na 20 comhalta seo a leanas: James McGuire (Cathaoirleach), An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Sandra Collins, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Chris Flynn, iar-bhall foirne sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid ar Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh agus Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; John McDonough, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach; Donal

Moore, iar-Chartlannaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; Dáibhí Ó Cróinín, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Maggie Smith, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Is iad comhaltaí oinigh an Choimisiúin na daoine seo a leanas: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Reáchtáil an Coimisiún sé ghnáthchruinniú in 2015 agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar 23 Márta.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ní bhíonn níos lú ná beirt chomhaltaí an CLÉ ar Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta (CNN). In 2015, ba iad Máire Mac Conghail, Jane Ohlmeyer agus Deirdre McMahon comhaltaí CLÉ ar an gComhairle.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is í feidhm an buancoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí foilseachán de réir na gcritéar a leagtar síos agus moltaí a dhéanamh mar is cuí don Choimisiún iomlán, mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail fhoilsitheoireachta reatha. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán in 2015: James McGuire (Cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer. Bhuaile an Coiste le chéile cúig huaire in 2015 chun tograí a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal foilsitheoireachta reatha, agus bhí 38 acu siúd amhail an 31 Nollaig 2015.

Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana

Soláthraíodh sa phlean forbartha straitéiseach do 2012–2016 le haghaidh ceapacháin de Choiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana (CCFR). Áirítear ina shainchúram idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla agus deonacha atá ar aon intinn leis (lena n-áirítear NAI, cartlannaithe cathrach agus contae, Cumann Cartlann agus Taifead na hÉireann agus Grúpa Cartlannaithe Údaráis Áitiúil) agus, nuair is féidir, comhfheachtais a chumadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt. Is í Máire Mac Conghail Cathaoirleach an CCFR.

Ba chóir comhaltaí an CCFR a mholadh as a gcuid oibre luachmhaire maidir le príomhfhoinsí a chaomhnú do na glúinte atá le teacht a chur chun cinn. Amhail Nollaig 2014, ba iad seo a leanas comhaltaí an CCFR: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Nicholas Canny, Michael Kennedy, John McCafferty, Deirdre McMahon, Donal Moore, Dáibhí Ó Cróinín agus Mary O'Dowd.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, arb í an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh in Iúil 2006. Tugann Judith Francis agus an Dr Melinda Lyons cúnamh riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse. Thug Eva Kelly cúnamh riaracháin ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse idir Eanáir agus Iúil 2015.

Seirbhísí

Faigheann Oifig CLÉ glaonna teileafóin agus fiosruithe r-phoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad seo a bhainistiú faoi théarmaí ár gCairte Custaiméirí. Seachadann láithreán gréasáin CLÉ roinnt seirbhísí d'úsáideoirí: díolachán ar líne d'fhoilseacháin CLÉ; cóipeanna digiteacha inchuadaithe d'oibreacha CLÉ as cló;

aighneacht ar líne de thograí foilsitheoireachta; PDFanna in-íoslódáilte don chatalóg leabhar is déanaí, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéiseacha agus doiciméid bheartais; agus (suas le mí na Nollag 2015) eolas ar, agus pointe teagmhála do, ról an CLÉ mar chomhbhailitheoir náisiúnta don tairseach Europeana. Déanann CLÉ athbhreithniú ar dhearadh a láithreáin ghréasáin ar bhonn rialta chun seachadadh na seirbhísí seo a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Mhéadaigh CLÉ a ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta le linn 2015. Tháinig méadú suntasach ar lucht leanúna CLÉ ar Twitter agus tháinig fás freisin ar a ghníomhaíocht ar Facebook le linn na bliana. Leanfaimid ar aghaidh le droichid chuig pobail nua úsáideoirí a thógáil trí na meáin shóisialta den sórt sin chun freagairt ar an éileamh ar bhealaí nua le feachtas ar fhoilseacháin CLÉ agus obair níos leithne an Choimisiúin i ndáil le caomhnú taifead a chur chun cinn.

Scaipeadh catalóg foilseachán 2015-2016 mar aon le bileoga bolscaireachta a luadh roimhe faoi CLÉ agus faoi chaomhnú na dtaifead phearsanta ag roinnt imeachtaí in 2015 thar ceann CLÉ; ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Máire Mac Conghail ina leith seo. Ardaíonn an chatalóg feachtas ní hamháin ar fhoilseacháin CLÉ atá ar díol, ach freisin ar fhoilseacháin atá le teacht, ar Eagráin Digiteacha CLÉ agus ar eagráin atá beartaithe do na deich mbliana de chomóradh.


Lean CLÉ lena fhógraíocht i ngach eagrán de *History Ireland* agus in *Books Ireland* athchóirithe chomh maith le trí *Family Directory* Fhionduireacht Staire Uladh agus trí thurais bhóthair ghinealais chun na Stát Aontaithe Mheiriceá. Cuireadh fógraí dírithe in eagrán de *Irish Arts Review* chomh maith le heagrán de *TLS (Times Literary Supplement)* ina raibh gné-alt ar léann Éireannach. Creidimid go bhfuil na meicníochtaí seo tábhacht go leanúnach maidir le foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc spriocphobal reatha agus nua in Éirinn agus thar lear.



'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ

Lean CLÉ lena chlár in 2004 chun feabhas a chur ar a sheirbhís Eagráin Dhigiteacha. Feabhsóidh comhéadan nua cuardaigh agus léimh, bunaithe ar an gCartlann Idirlín (<https://archive.org/index.php>) 'léamh ar líne' eispéireas agus idirghníomhaíocht an úsáideora le hEagráin Dhigiteacha CLÉ. Táthar ag súil go n-éascóidh an comhéadan nua cuardach comhuaineach thar gach eagrán digitithe CLÉ, mar aon le cuardach laistigh d'eagrán. Cuireadh deireadh sealadach in 2015 le hobair ar chur chun feidhme de chomhéadan nua agus ar athrú méide de chomhaid digitithe, ach tá an obair sin le tosú athuair go luath in 2016.

Measann CLÉ go bhfuil digitiú dá chúl-liosta ina chuid intreach dá shainchúram seirbhíse poiblí chun rochtain a fheabhsú ar na príomhfhoinsí lámhscríbhinne caomhnaithe i gcló aige agus chun feachtas orthu a ardú. Laistigh de na modhanna agus de na hacmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht úinéirí ceart an ábhair go léir a úsáidtear ar an gcuid Eagráin Dhigiteacha ar a láithreán gréasáin a aimsiú agus aitheantas a thabhairt dóibh. Iarrann CLÉ ar úinéirí ceart a mheasann nár aithníodh mar ba cheart iad ar láithreán gréasáin CLÉ, nó má mheasann siad nár tugadh an meas iomlán dá gcóipcheart, dul i dteagmháil le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar an teileafón ag + 353 1 676 1610.



Tionscadal Leabhar Suirbhé agus Dáilte

I Meitheamh 2015 síníodh conradh idir CLÉ agus Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le leagan digitithe inchuadaithe ar líne de na Leabhair Suirbhé agus Dáilte ina bhfuil 20 imleabhar a sheachadadh in 2018, rud a choimeádtar ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann (Sraith Oifig an Chíosá Chúitigh). Beidh an acmhainn seo ar fáil chun cuardach saor in aisce d'úsáideoirí aon áit ar domhan. Cuirfidh sé leis an láithreán gréasáin reatha

Down Survey (downsurvey.tcd.ie) chun rochtain a thabhairt do ‘phríomhfoinse mór a bhfuil a luach do staraíthe, sloinnteoírí, agus saineolaithe logainmneacha cruthaithe aige’ (*Plean Forbartha Straitéiseach CLÉ, 2012-2016, lch. 14*). Déanfar CLÉ leagan clóite freisin a fhoilsiú i gceithre imleabhar.

Foilseacháin

I rith 2015, foilsíodh trí eagrán nua de phríomhfhoinsí, mar aon le heagrán 46 de *Analecta Hibernica*. B’eagrán il-imleabhar a raibh an pobal ag súil go mór lena fhoilsiú é ceann de na heagraí seo, *The correspondence of James Ussher, 1600-1656* (*féach thíos*). Cé gur taifeadadh é seo i mo thuairisc mar eagrán amháin, is trí leabhar faoi cheangal é ag leibhéal praiticiúil (acmhainní, cóipeagarthóireacht agus táirgeadh).

Calendar of State Papers, Ireland, 1547-1553

Curtha in eagar ag an Ollamh Colm Lennon, is é seo an ceathrú imleabhar in *Calendar of State Papers, Ireland* (sraith nua) agus clúdaíonn an réimeas Éadbhard VI (1547-1553). Tá réimeas Eilís I do na blianta 1566-1575 clúdaithe i dtí trí imleabhar roimhe a bhí curtha in eagar ag an Dr Bernadette Cunningham (1566-7; 1568-1571) agus ag an Ollamh Mary O’Dowd (1571-5).

The correspondence of James Ussher, 1600-1656 (3 imleabhar)


Ba chúis an-áthais agus faoilte é gur tháinig sa chéad chuid de 2015 foilsiú a rabhthas ag tnúth go mór leis le fada d’eagrán scolártha an Dr Elizabethanne Boran de *The correspondence of James Ussher, 1600-1656*. Aithnítear go forleathan an tábhacht a bhaineann le comhfhreagras Ussher agus bhí an-áthas ar an gCoimisiún tuiscint ar mhórghníomh scolártha an Dr Boran a fheiceáil sna hathbhreithnithe agus sna tuairimí ar a heagrán go dtí seo.

Analecta Hibernica, uimh. 46

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’eagarthóir reatha *Analecta Hibernica*, an tOllamh James Kelly, a thug foilsiú srathach an Choimisiúin le deich mbliana anuas ar sceideal foilsitheoireachta rialta, sa mhéid sin, beagnach gan aird againn air, go bhfuilimid ag súil le heagrán nua ar bhonn bliantúil. Tugtar aitheantas buíoch anseo don obair seo a rinne an tOllamh Kelly, i dteannta a chuid cheangaltas eile eagarthóireachta CLÉ. Áirítear san eagrán is déanaí ‘The journeys of Samuel Molyneux in Ireland, 1708-1709’ (curtha i láthair ag Peter Barry), ‘Charles O’Hara’s observations on County Sligo, 1752-1773’ (curtha i láthair ag David Dickson agus David Fleming) agus ‘Louisa Beaufort’s diary of her travels in south-west Munster and Leinster in 1842 and 1843’ (curtha i láthair ag Magda Loeber agus Rolf Loeber). Is é an chéad eagrán de *Analecta Hibernica* ina bhfuil léiriúcháin datha. Áirítear leis freisin tuarascáil chuig an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta do 2014.

Early Stuart Irish warrants, 1623-1639: the Falkland and Wentworth administrations


Tá an t-eagrán seo, curtha in eagar ag an Dr Mark Empey, bunaithe ar bhailiúcháin de bharántais Éireannacha Stuart luath atá sa Leabharlann Bodleian, Oxford; Leabharlann Marsh, Baile Átha Cliath; agus Cartlann agus Seirbhís Staidéar Áitiúil East Riding in Beverley, Yorkshire. Tugann níos mó ná 600 barántas tras-scríofa atá anseo léargas, ní hamháin ar an riarachán in Éirinn, ach ar ábhair níos gnáiche sóisialta agus cultúrtha freisin.



Pleanáil do 2016

Ag tarraingt ar dheireadh 2015, bhí roinnt eagrán beagnach réidh le foilsiú, ach ní raibh siad fós ag na clódóirí. Beidh na heagrán seo a leanas ar fáil go luath in 2016: *The acts of James II's Irish parliament of 1689*, curtha in eagar ag John Bergin agus Andrew Lyall; *Acts of the Corporation of Coleraine, 1623–1669*, curtha in eagar ag Bríd McGrath; agus imleabhair IV (Baile Átha Cliath) agus V (Cill Dara & Mí) den tsraith *1641 Depositions* ar a bhfuil Aidan Clarke ina phríomheagarthóir.

Seoltaí



Seoladh an t-eagrán Ussher go foirmiúil Dé Luain 30 Márta i Seomra Fada Leabharlann Choláiste na Tríonóide, in aice le leabhair a thug Ussher é féin don leabharlann. Sa phictiúr ag an seoladh tá (ag seasamh, ó chlé go deas): Ciaran Brady, Cathy Hayes, Uachtarán Patrick Prendergast, James McGuire, David Dickson, Jane Ohlmeyer agus (ina suí, ó chlé go deas) Alan Ford, Elizabethanne Boran, Aidan Clarke agus Mordechai Feingold.

Roimh an seoladh, thug an tOllamh Alan Ford, ollamh diagachta agus Leas-Leas-Seansailéir de chuid Ollscoil Nottingham, aitheasc i léachtlan Jonathan Swift i gColáiste na Tríonóide, dar teideal ‘Ussher: the history of a reputation’. Rinne sé mionléiriú ar go leor gnéithe James Ussher, lena n-áirítear a ‘mheallacht ilchinealach’ do scoláirí, idir Chaitliceach agus Phrotastúnach. Ina nótaí tráchtla flaithiúla tosaigh, ghabh an tOllamh Ford buíochas le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar gheall ar na heagrán ardchaighdeán a bhí foilsithe aige le déanaí agus go háirithe mar gheall ar an bhfadhbheathnaitheacht a bheith aige a infheistiú san eagrán Ussher. Rinne sé comhghairdeas le Elizabethanne Boran ar thorthaí a cuid saothair scolártha a bhí ar taispeáint anois le haghaidh úsáide agus molta gach duine.

Ag oscailt na n-imeachtaí seolta dó sa Seomra Fada, chuir Propast Choláiste na Tríonóide, an Dr Patrick Prendergast, i gcuimhne an lucht féachana mórghníomhartha Ussher ina chomhar fada leis an gColáiste. Ina dhiaidh sin, sheol an tOllamh Mordechai Feingold ó Institiúid Teicneolaíochta California an t-eagrán agus thug moladh don Dr Boran mar gheall ar a scoláireacht agus righneas maidir leis an eagrán seo a chur in eagar agus a thabhairt chun deiridh a bhí chomh rathúil sin.

Thug an t-eagarthóir féin léargas ar na líonraí Eorpacha agus Meiriceánacha Thuaidh a thacaigh le James Ussher in a chuid oibre, agus ghabh sí buíochas le cuid dá líonraí féin a thug tacaíocht di agus í ag iarraidh an t-eagrán cuimsitheach nua seo de chomhfhreagras Ussher a thabhairt chun críche. Dúirt an Dr Boran go raibh tráthúlacht an tseolta go háirithe oiriúnach, cionn is gur fhreastail sí an tseachtain roimhe sin ar ath-adhlacadh Richard III in Leicester agus is mar gheall ar mhealladh leis ina hóige gur shocraigh sí ar dhul don stair agus sa deireadh staidéar a dhéanamh ar Ussher.

Léacht Eoin MacNeill

Bunaíodh an tsraith Léachtaí débhlantúil Eoin Mac Néill in 2012 agus an aidhm leis iarraidh ar scoláirí oirice, leabharlannaithe agus cartlannaithe ó lasmuigh d’Éirinn an tábhacht a bhaineann le cartlanna agus foinsí príomhúla ina gcuid oibre a mheas. Dé Luain, 12 Deireadh Fómhair, thug an tOllamh Robert Darnton, Ollamh Emeritus Carl H. Pforzheimer agus Leabharlannaí Emeritus Ollscoile in Ollscoil Harvard, an dara Léacht Eoin Mac Néill, rud a bhí iarchurtha ó 2014. Thug an tOllamh Darnton léacht fíorshuimiúil ar a raibh á léamh ag na Francaigh sna blianta roimh an Réabhlóid. Trí scrúdú a dhéanamh ar an trádáil leabhar trí chartlann d’fhoilsitheoir agus mórdhíoltóir comhaimseartha na hEilvéise (Société typographique de Neuchâtel), rinne an tOllamh Darnton próifíl de na teidil is mó

ar an éileamh. I gcomhréir lena chuid tuairimí maidir le rochtain oscailte agus lena chuid oibre ar Leabharlann Digiteach Poiblí Mheiriceá, cuireadh cuid mhaith den taighde seo ar fáil ar a láithreán gréasáin. Ina measc siúd a d'fhreastail ar an léacht ná attaché cultúrtha na Fraince, M. Frédéric Rauser. Déanfar Léacht MacNeill an Ollaimh Darnton a fhoilsiú i bhfoirm leabhráin níos déanaí in 2016.

Marie-Louise Jennings

I Lúnasa 2015, fuair comhaltaí an Choimisiúin scéal báis an staraí, an Dr Marie Louise Jennings, scéal a chuir an-bhrón orthu. I 1996, mar Marie-Louise Legg, d'fhoilsigh sí le Lilliput Press thar ceann an Choimisiúin, eagrán den *Synge letters*. Ocht mbliana ina dhiaidh sin d'fhoilsigh an Coimisiún a heagrán de *The census of Elphin, 1749* (2004). Tráth a báis, bhí a heagrán de na litreacha de chuid Katherine Conolly á ullmhú le haghaidh foilsithe ag a comh-eagarthóir, an Dr. Gaye Ashford. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar é seo go déanach in 2016.

Airgeadas

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuair CLÉ in 2014 ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (R/EOG). Gan an deontas i gcabhair ón Roinn, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Cuireann an maoiniú bliantúil seo taca ríthábhachtach faoi chlár foilseacháin CLÉ don bhliain go díreach ina dhiaidh sin.

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Ba mhaith liom ómós a chur in iúl anseo freisin do chomhaltaí Aonad na bhForas Cultúir ag R/EOG a rinne idirchaidreamh le CLÉ ar son na Roinne in 2015, go háirithe Chris Flynn, Kevin Lonergan, Mary Nash, Sharon Barry, Orlaith Gleeson agus Colm Lundberg. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh le bheith ag obair leis an Roinn d'fhonn sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir príomhfhoinsí ar stair agus cultúr na hÉireann chomh maith le staid CLÉ mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachtach cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí daonnachtaí a fhorbairt.

Conclúid

Ba mhian liom mo bhuíochas ar leith a ghabháil, mar gheall ar an obair agus an tiomantas ó ceapadh í in 2006, agus go háirithe in 2015, le riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes.

Mar fhocal scoir, ní mór dom athlua an méid a bhí scríofa agam i dtuarascálacha roimhe seo: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair ar rannpháirtíocht fhíor-riachtanach a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Coinníodh traidisiún na seirbhíse do scoláireacht agus don stát araon ó bunaíodh an Coimisiún in 1928.

James McGuire
Cathaoirleach
Eanáir 2016



An tOllamh Robert Darnton agus an dara Léacht Eóin Mhic Néill á thabhairt aige.

Eolas ar an gCuideachta



Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Nicholas Patrick Canny
Sandra Collins (ceaptha Méan Fómhair 2015)
David Dickson
David Edwards
Catherine Fahy (ar scor Iúil 2015)
Chris Flynn
Greta Jones
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
John McDonough (ceaptha Feabhra 2015)
Deirdre McMahon
Donal Moore
Thomas O'Connor
Dáibhí Ó Cróinín
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Maggie Smith

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Chláraithe na Cuideachta

414351

Uimhir Chláraithe Charthanais

CHY 17206

Oifig Cláraithe agus Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúcháirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
39 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí



Cuireann na stiúrthóirí i láthair a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt sa todhchaí

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus chuaigh sí i mbun gníomhaíochta ar an dáta céanna.

Príomhghníomhaíochtaí

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) ná príomhfhoinsí lámhscríbhinne le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní dhéanfaí na foinsí sin a fhoilsiú murach sin toisc nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh tráchtála de réir aon sainmhínte. Mar chomhlacht poiblí, gníomhaíonn CLÉ mar chomhairleoir don rialtas, áit a theastaíonn, i leith ábhar a bhaineann le príomhfhoinsí i gcoitinne agus déanann sé feachtas phoiblí agus institiúide ar an tábhacht a bhaineann leo a chur chun cinn.

Athbhreithniú Gnó

I Meán Fómhair 2011 ghlac Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann le Plean Forbartha Straitéiseach don tréimhse 2012–2016. Sa phlean tugadh cuntas ar straitéisí nua chun fíis CLÉ a chomhlíonadh; is í an fhís sin ná feachtas faoi ábhair phríomhfhoinsí le haghaidh startha, chultúir agus oidhreacht na hÉireann chomh maith le rochtain ar na foinsí sin a chur chun cinn. D'athdhearbhaigh sé tosaíochtaí straitéiseacha CLÉ ar an mbunús seo a leanas: feachtas faoi phríomhfhoinsí agus rochtain orthu a fheabhsú; leanúint ar aghaidh ag gníomhú mar shainchomhairleoir ar shaincheistanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus príomhfhoinsí go ginearálta; agus digitiú a dhéanamh ar a chúl-liosta chomh maith le tabhairt faoi chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha arna gcruthú.

Forbairt sa Todhchaí

Mar a tugadh cuntas air sa Phlean Forbartha Straitéisí is deireanaí, leanfaidh CLÉ ar aghaidh ag caitheamh a chuid acmhainní ar phríomhfhoinsí lámhscríbhinne a fhoilsiú. Freisin leanfaidh sé air ag déanamh caomhnú príomhfhoinsí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe chun feachtas an phobail a mhúscailt faoin ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú trí hobair an Choiste Caomhnaithe agus Feachtas Rochtana (CCFR); beidh na taifid sin mar phríomhfhoinsí sa todhchaí le haghaidh staraithe atá ag plé leis an aonú haois is fiche. Ag teacht lena shainchúram seirbhíse poiblí rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha dá chúl-liosta a chur ar fáil trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oidhreacht cultúrtha oiriúnacha in Éirinn agus san Eoraip. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil saor in aisce le haghaidh úsáideoirí, in Éirinn agus níos faide anonn.

Torthaí

Ba é méid an chaillteanais don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas ná €264,199. (2014 – brabús €51,018).

Taighde agus Forbairt

Níor fulaíngodh aon chostais taighde agus forbartha le linn na bliana.

Tuarascáil na Stiúrthóirí chuig comhaltaí *Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Toeranta*

Staid Chúrsaí

Is é tuairim na stiúrthóirí ná go bhfuil staid chúrsaí na cuideachta sásúil agus nár tharla aon athrú ábhartha ó dháta an chláir chomhardaithe.

Na Stiúrthóirí agus a gCuid Leasanna

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tugann gach ball den chuideachta gealltanais chun cur le hacmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfaí í a fhoirceannadh agus é/í ina b(h)all di nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di éirí as bheith ina b(h)all di, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta a tabhaíodh agus sula n-éiríonn sé/sí as bheith ina b(h)all, agus as na costais, na muirir agus na speansais a bhaineann le foirceannadh agus as coigeartú chearta na rannpháirteach eatarthu féin, mar cibé méid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach sáraíonn aon Euro amháin.

Sealbhóidh gach stiúrthóir an oifig ar feadh cúig bliana ar a mhó agus beidh sé/sí incháilithe le hathcheapadh ina dhiaidh sin. Is ar bhonn deonach a sheirbheálann na stiúrthóirí go léir.

Ranníocaíochtaí Polaitiúla

Níor tugadh aon ranníocaíochtaí polaitiúla don chuideachta le linn na bliana.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialachán na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn (GAAP na hÉireann), lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn' agus arna leithdháileadh ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní cóir do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar na sócmhainní, na dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais, agus ar shlí eile go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní mór do na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt d'aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas sa chás go bhfuil sé míchuí toimhdiú go leanfar an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcoinnítear mar gheall ar an gcuideachta, leabhair chuntasaíochta leordhóthanacha a mhíniú agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a éascaíonn aon tráth deimhniú, le cruinneas réasúnta, na sócmhainní, na ndlíteanas, staid

airgeadais agus bhrabús nó caillteanas na cuideachta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus a éascaíonn iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile.

Na Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlacann na stiúrthóirí chun comhlíonadh cheanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, maidir le leabhair chearta chuntais ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha um thaifeadadh idirbheart a chur i bhfeidhm, comhaltaí pearsanra cuntasáochta oiriúnacha a fhostú a bhfuil an saineolas oiriúnach acu agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a mbíonn tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní na Éireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus cónascadh beartaithe leis an Leabharlann Náisiúnta. Tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ anuas go dtí seo a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram, mar atá foilsíú, a chomhlíonadh ach le hionchas reatha an gheilleagair meabhraítear dúinn go mbíonn cistiú dóthanach i mbaol i gcónaí. I láthair na huaire níltear cinnte cén tionchar a bheidh ag cónascadh beartaithe CLÉ i struchtúr níos mó ar oibriú an Choimisiúin, cé go gcreidtear go gcoimeádfar ról CLÉ mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsíú phríomhfhoinsí lámhscríbhinne sna socrúithe nua.

Iniúcháirí

Chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh i mbun a gcuid dualgas de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
5 Feabhra 2016

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir
5 Feabhra 2016

Tuarascáil Neamhspleách na nIníúcháirí



Tuarascáil Neamhspleách na nIniúcháirí chuig comhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, atá comhdhéanta den Chuntas Ioncaim & Caiteachais, den Chlár Comhardaithe, den Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus de na nótaí agus na polasaithe cuntasáochta bainteacha. Is é an creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta a eísíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus a scaiptear ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta Leis in Éirinn).

Déantar an tuarascáil do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go mbeimid in ann na hábhair a gceanglaítear orainn a shonrú do bhaill na cuideachta i dtuarascáil iniúchára, a shonrú dóibh agus níl cuspóir ar bith eile i gceist léi. A mhéid is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht chuig aon duine eile seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta le haghaidh na tuarascála seo, ná as na tuairimí ar thángthamar orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear go hiomlán sa Ráiteas faoi Fhreagracht na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 4, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt agus iad sásta go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile. Is í an fhreagracht atá orainn ná iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a thabhairt i leith na ráiteas airgeadais de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An RA agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeán Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta le haghaidh Iniúcháirí

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná dóthain fianaise a fháil faoi mhéideanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu gur calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad; ar réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinne na cuntasóirí; agus ar chur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagann aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha chun solais measaimid na himpleachtaí dár gcuid tuarascála.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ar dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2015 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin: agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir chreat ábhartha tuairiscithe airgeadais agus go háirithe de réir riachtanas Acht na gCuideachtaí 2014.

Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí 2014

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-íniúchta.
- Is é ár dtuairim go raibh leabhair chuntais na cuideachta imleor chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí.
- Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí heisceacht

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaobh fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt duit más amhlaidh, dar linn, nach ndéantar na nochtuithe faoi luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear in alt 305 go 312 den Acht.

**84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4**

Dáta: 9 Feabhra 2016

**Liam McQuaid
Do agus thar ceann
Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe**

Cuntais Iniúchta



CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS
Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

		Oibríochtaí leantacha	
		2015	2014
	Nótaí	€	€
Ioncam – Díolacháin leabhair	4	21,442	30,083
Ríchíosanna		2,218	1,502
Costas díolacháin tionscadal		(43,441)	(77,548)
(Easnamh) oibriúcháin		(19,781)	(45,963)
Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	5		
- Deontas Bliantúil		177,500	235,000
- Commentarius		5,413	6,521
- Comhiomlánóir Náisiúnta		8,329	
Ioncam ilchineálach		1,132	1,235
Deontas um Uachtanna Sainphribhléide		286	5,714
Speansais riaracháin		(71,152)	(67,882)
Speansais Eagarthóireachta & Foilseacháin		(81,142)	(62,301)
Speansais oifige		(33,025)	(29,705)
Maoiniú do Thionscadail Speisialta		(243,500)	—
(Caillteanas)/brabús don bhliain	6	(264,269)	50,948
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil		70	70
(Caillteanas)/Brabús coimeádta don bhliain	15	(264,199)	51,018

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas an barrachas don dá bhliain airgeadais thuas.

RÁITEAS AR ATHRUITHE I nGNÁTHSCAIREANNA DON BHLIAIN AIRGEADAIS

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Iomlán Gnáth-scaireanna
	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2015	392,363	154,831	547,194
(Caillteanas)/Brabús coimeádta don bhliain	<u>(264,199)</u>	<u>—</u>	<u>(264,199)</u>
Amhail 31 Nollaig 2015	<u>128,164</u>	<u>154,831</u>	<u>282,995</u>

Maidir leis an mbliain roimhe:

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Iomlán Gnáth-scaireanna
	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2014	341,345	154,831	496,176
(Caillteanas)/Brabús coimeádta don bhliain	<u>51,018</u>	<u>—</u>	<u>51,018</u>
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>392,363</u>	<u>154,831</u>	<u>547,194</u>

CLÁR COMHARDAITHE
Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2015

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal aici

	Nótaí	2015 €	2014 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8		13,399
Sócmhainní Reatha			
Stoic	10	30,942	6,593
Féichiúnaithe	11	8,471	10,211
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12	277,233	560,767
		<u>316,646</u>	<u>577,571</u>
Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin		(21,691)	(13,792)
Ioncam iarchurtha	14	<u>(24,285)</u>	<u>(29,984)</u>
		<u>(45,976)</u>	<u>(43,776)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>270,670</u>	<u>533,795</u>
Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		<u>282,995</u>	<u>547,194</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil	15	154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	15	<u>128,164</u>	<u>392,363</u>
Cistí	16	<u>282,995</u>	<u>547,194</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 5 Feabhra 2016 agus shínigh na daoine seo a leanas iad, thar ceann an Bhoird:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

RÁITEAS AR SREABHADH AIRGID

Ráiteas ar Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

	2015	2014
	€	€
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
(Caiteachas)/brabús oibriúcháin	(264,269)	50,948
Dímheas	1,074	1,074
(Méadú)/laghdú i stoic	(24,349)	9,409
Laghdú i bhféichiúnaithe	1,740	315
Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe	7,899	(7,098)
Ioncam iarchurtha	<u>(5,699)</u>	<u>(12,235)</u>
(Glan-eis-sreabhadh)/glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(283,604)</u>	<u>42,413</u>
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
(Glan-eis-sreabhadh)/glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(283,604)</u>	<u>42,413</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús faighte	70	70
Caiteachas caipitil	<u>—</u>	<u>(6,075)</u>
(Glan-insreabhadh)/glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	<u>70</u>	<u>(6,005)</u>
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe	<u>—</u>	<u>—</u>
(Glanlaghdú)/glanmhéadú in airgead agus a chomhluachanna in airgead don bhliain	(283,534)	36,408
Réiteach den ghlansreabhadh airgid leis an ngluaiseacht i nglanfhiachas		
(Laghdú)/méadú in airgead agus a chomhluachanna in airgead don bhliain	(283,534)	36,408
Airgead agus a chomhluachanna in airgead amhail 1 Eanáir 2015	<u>560,767</u>	<u>524,359</u>
Airgead agus a chomhluachanna in airgead amhail 31 Nollaig 2015	<u>277,233</u>	<u>560,767</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

1. Faisnéis Ghinearálta

Is ionann na ráitis airgeadais seo, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Athruithe i nGnáthscaireanna, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara, agus ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2015.

Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (FRS 102). Is iad seo na chéad ráitis airgeadais a chomhlíonann FRS 102.

2. Beartaís Chuntasaíochta

2.1. *Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 agus reachtanna Éireannacha a chuimsíonn Acht na gCuideachtaí 2014. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fírinneach cóir ná iad siúd arna bhfoilsiú ag Chartered Accountants Ireland agus arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

2.2. *Ioncam*

Luaitear ioncam glan ó lascainí trádála agus lacáistí méide, ioncam a thagann as díolachán leabhar atá laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ar dhíolachán leabhar nuair a d’aistrigh an cuideachta na rioscaí suntasacha agus na luaíochtaí d’úinéireacht sna hearraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a dhéantar na leabhair a sheachadadh go fisiceach don cheannaitheoir.

2.3. *Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas*

Soláthraítear dímhéas ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta ar bhonn na líne dírí, mar seo a leanas: Daingneáin, feistis agus ríomhairí — 20%. Déantar gach sócmhainn seasta inláimhsithe a thaifeadadh ar dtús ag an gcostas stairiúil. Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna carraeireachta na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnaithe i dtreimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach carraeireachta in-aisghabhála.

2.4. *Stoc*

Luacháiltear stoic leabhair ar chostas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur le linn na chéad dhá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a mbíonn díolacháin imleabhair leabhair is airde, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar mhall nó as feidhm.

2.5. *Pinsin*

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an gcuideachta le linn na bliana, chuig cuntas pearsanta coigilte scoir (PRSA). Déantar an costas rialta as soláthar phinsin scoir agus sochair ghaolmhara a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol seirbhíse na bhfostaithe ar bhunús céatadáin shíoraí de thuillimh.

2.6. *Cánachas*

Tá an cuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanais. (Uimhir chánach carthanais: 17206)

2.7. *Deontais rialtais*

Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais thar shaol úsáideach measta na sócmhainní. Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas bainteach.

3. Breithiúnais agus príomhfhoinsí de neamhchinnteacht meastacháin

Measann na stiúrthóirí na meastacháin agus toimhdí cuntasaíochta thíos a bheith ina meastacháin chuntasaíochta agus bhreithiúnais:

Gnóthas Leantach

Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe do na suimeanna glanluacha agus d’aicmiú na sócmhainní agus na

ndliteanas a thiocfadh chun cinn mura mbeadh an comhlacht in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoic

Luacháiltear stoic leabhair ar chostas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur le linn na chéad dhá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a mbíonn díolacháin imleabhair leabhair is airde, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar mhall nó as feidhm.

4. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

5. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

	2015	2014
	€	€
Deontas Bliantúil	177, 500	235,000
Deontais aonuaire le haghaidh tionscadal ar leith	—	8,329
Commentarius	5,413	6,521
	<u>182,913</u>	<u>249,850</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann le deontais rialtais a fhaightear a aisíoc mura n-úsáideadh an deontas don chuspóir dá raibh sé bronnta.

6. Caillteanas don bhliain

	2015	2014
	€	€
Luaitear an caillteanas don bhliain tar éis muirir:		
Dímheas na sócmhainní inláimhsithe	<u>1,074</u>	<u>1,074</u>

7. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

Ba é meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana ná:

	2015	2014
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe	<u>1</u>	<u>2</u>

Déantar na costais foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	79,182	78,572
Pinsean	5,995	5,994
Costais leasa shóisialaigh (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	8,079	7,853
	<u>93,256</u>	<u>92,419</u>

8. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin & feistis	Iomlán
Costas	€	€
Amhail 1 Éanáir 2015	<u>44,918</u>	<u>44,918</u>
Amhail 31 Nollaig 2015	<u>44,918</u>	<u>44,918</u>

Dímheas		
Amhail 1 Eanáir 2015	31,519	31,519
Muirear don bhliain	1,074	1,074
Amhail 31 Nollaig 2015	<u>32,593</u>	<u>32,593</u>
Glanluachanna leabhar		
Amhail 31 Nollaig 2015	<u>12,325</u>	<u>12,325</u>
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>13,399</u>	<u>13,399</u>
Maidir leis an mbliain roimhe:	Daingneáin & feistis	Iomlán
Costas	€	€
Amhail 1 Eanáir 2014	38,843	38,843
Breisiúcháin	6,075	6,075
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>44,918</u>	<u>44,918</u>
Dímheas		
Amhail 1 Eanáir 2014	30,445	30,445
Muirear don bhliain	1,074	1,074
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>31,519</u>	<u>31,519</u>
Glanluachanna leabhar		
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>13,399</u>	<u>13,399</u>
Amhail 31 Nollaig 2013	<u>8,398</u>	<u>8,398</u>

Rinneadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile de luach measta €48,710 uirthi. Aithnítear na sócmhainní seo sna breiseanna thuas ar luach ainmniúil €1.

9. Costais phinsin

B'ionann costais phinsin agus €5,995 (2014 - €5,994).

10. Stoic

	2015	2014
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	<u>30,942</u>	<u>6,593</u>

Rinneadh stoic leabhar a luacháil ag an méid níos ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

11. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2015	2014
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhráithe	<u>8,471</u>	<u>10,211</u>

12. Airgead sa bhanc agus ar láimh

	2015	2014
	€	€
Cuntas Reatha	110,132	328,076
Cuntas Taisce	45,875	232,662
Tionscadail Speisialta Chuntas Taisce	121,189	—
Mionairgead	37	29
	<u>277,233</u>	<u>560,767</u>

13. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2015	2014
	€	€
Cánacha agus costais leasa shóisialaigh eile	8,021	6,531
Creidiúnaithe eile	1	431
Fabhruithe	<u>13,669</u>	<u>20,068</u>
	<u>21,691</u>	<u>27,030</u>

14. Ioncam iarchurtha

	2015	2014
	€	€
Deontais rialtais		
Amhail 1 Eanáir 2015	29,984	42,219
A scaoileadh sa bhliain	<u>(5,699)</u>	<u>(12,235)</u>
Amhail 31 Nollaig 2014	<u>24,285</u>	<u>29,984</u>

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead breise a fuarthas maidir le tionscadail um foilsiú leabhar. Ní raibh na tionscadail sin críochnaithe ag deireadh na bliana.

15. Cúlchistí Gnáthscaireanna

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Iomlán
	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2015	392,363	154,831	547,194
Caillteanas coimeáda don bhliain	<u>(264,197)</u>	<u>—</u>	<u>(264,197)</u>
Amhail 31 Nollaig 2015	<u>128,164</u>	<u>154,831</u>	<u>282,995</u>

16. Réiteach ar ghluaiseachtaí i gcistí

	2015	2014
	€	€
Brabús don bhliain	(264,199)	51,018
Cistí tosaigh na scairshealbhóirí	<u>547,194</u>	<u>496,176</u>
	<u>282,995</u>	<u>547,194</u>

17. Ranníocaíocht Chaipitil

Rinneadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann €130,731 in airgead agus stoc €24,100 de leabhair uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile, míreanna a cuireadh san áireamh sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil €1. Is ionann é sin agus ranníocaíocht iomlán chaipitil de €154,831.

18. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Déantar aisíocaíocht le stiúrthóirí leith aon chaiteachais a tabhaíodh agus a ndualgais á gcomhlíonadh.

Chomhaontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos infíoctha i ndáil le húsáid spáis oifige.

19. Cúiteamh do príomhphearsanra bainistíochta

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2015.

20. Páirtí rialaithe deiridh

Tá an chuideachta faoi rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

21. Trasdul go dtí FRS 102

Is iad seo na chéad ráitis airgeadais a d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a chomhlíonann FRS 102. D'aistrigh an chuideachta go dtí FRS 102 ar 1 Eanáir 2014.

Réiteach ar ghnáthscaireanna

Ní raibh aon cheartuithe trasdultacha ag teastáil.

Réiteach ar bhrabús agus caillteanas don bhliain

Ní raibh aon cheartuithe trasdultacha ag teastáil.

22. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 5 Feabhra 2016 agus shínigh na daoine seo a leanas iad, thar ceann an Bhoird:

James Ivan McGuire

Stiúrthóir

Máire Mac Conghail

Stiúrthóir

AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UM ÉIFEACHTACHT FUINNIMH 2015

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Roinneann Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) cóiríocht le Cartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar dheighilt 20:80 idir CLÉ:CAÉ ar bhunús áitiú an spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh CLÉ le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilsiú agus cumhacht (arna soláthar ag Airtricity) agus seirbhísí uisce (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

In 2015, d'úsáid Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 40 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 17 MWh de leictreachas (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin na 83 MWh)
- 23 MWh de bhreosla iontaise (mar ghás nádúrtha) (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin 117 MWh)
- Tagann 10 MWh den 17 MWh de leictreachas a úsáidtear ó fhoinsí in-athnuaite.¹

Déantar muirir uisce a ríomh de réir chóimheas 20:80 freisin. Le linn 2015, úsáideadh 186 mhéadar ciúbacha d'uisce *san fhoirgneamh iomlán*.

Feidhmíocht fuinnimh

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann agus oibríonn an oifig ag uaséifeachtúlacht ó thaobh úsáid fuinnimh laistigh de na srianta a bhaineann le foirgneamh Seirseach athchóirithe a áitiú.

¹ Nochtadh Mheascán Breosla Airtricity: Eanáir 2014 go Nollaig 2014; tá leictreachas arna sholáthar ag Airtricity ó bhreosla in-athnuaite comhionann le 60.6% d'fhoinsí breosla (i bhfaisnéis bhilleála Airtricity, 18/12/15).